Gael-Choláiste Chill Dara

Seanbhóthar Luimnigh
Nás na Ríogh
Co Chill Dara W91 E282
Rolla 68072I
Fón/faics 045 898294
eolas@gccd.ie www.gccd.ie

8 Nollaig 2017

A thuismitheoirí/a chaomhnóirí, a chairde

Ba lá stairiúil agus an-bhródúil dúinn Dé Máirt agus Gael-Choláiste Chill Dara luaite sna meáin chumarsáide. "An scoil is mó feabhas sa stáit", dar leis an Irish Times agus ansin ag barr na dtáblaí sraithe do 2017 don chontae.

Bhí fís shoiléir ag bunaitheoirí na scoile den chaighdéan foghlama agus teagaisc a bhí uathu agus iad ag tosú in 2003 le naonúr daltaí faoi phatrúnacht an Fhorais Phatrúnachta.

Ó shin i leith, agus mar a deir mana na scoile tá muid uilig *Ar Thuras Léinn is Feasa.* Tá breis is 340 dalta againn faoi láthair agus tá an scoil lonnaithe i bpobal gníomhach Gaeilge.

Tá i bhfad níos mó i gceist againn, áfach, leis an oideachas d'ardchaighdéan a chuirtear ar fáil i nGael-Choláiste Chill Dara ná torthaí iontacha. An fhealsúnacht atá againn ná na daltaí a oiliúint trína n-acmhainní a nochtadh agus a bhláthú, chun daltaí ionraice cultúrtha a chothú sa chaoi go n-éireoidh leo sa saol ilghnéitheach seo. Mar sin féin is iontach an t-aitheantas na torthaí Ardteistiméireachta.

Ar scáth a chéile a mhairimid i nGael-Choláiste Chill Dara. Is a bhuí leis na tuismitheoirí a thacaíonn lena bpáistí agus linne agus a chreideann san oideachas lánGhaeilge a éiríonn lenár scoil. Is a bhuí leis na daltaí a chomhoibríonn linn, a éisteann go géar linn, agus a ghlacann páirt iomlán i saol na scoile a fheidhmíonn an scoil ó lá go lá. Agus is a bhuí le foireann iomlán na scoile a oibríonn go dian dícheallach de shíor chun an t-oideachas is fearr a thabhairt do gach uile dhalta sa scoil, a thugann deis do na daltaí seilbh agus úinéireacht a ghlacadh ar a gcuid foghlama féin agus a spreagann na daltaí chun ceisteanna a chur, ceisteanna a fhreagairt agus freagraí a cheistiú.

Ba mhór an onóir dúinn i nGael-Choláiste Chill Dara an gradam a bhaint amach Dé Máirt.

Is mise le meas

Amanda Ní Dhuibhir
Príomhoide

Gael-Choláiste Chill Dara

Seanbhóthar Luimnigh
Nás na Ríogh
Co Chill Dara W91 E282
Rolla 68072I
Fón/faics 045 898294
eolas@gccd.ie www.gccd.ie

8 Nollaig 2017

Dear parents/guardians

We had an historic and proud day on Tuesday as Gael-Cholaiste Chill Dara was featured in the media. 'The most improved school in the state' according to the Irish Times and also at the top of the county league tables for 2017.

The founders of the school had a clear vision of the standard of learning and teaching that they were looking for when they started out in 2003 with nine students under the patronage of An Foras Pátrúnachta.

From then on and as our school motto puts it, we have all been on 'A Journey of Learning and Knowledge'. We have more than 340 students at the moment and the school is settled in a very active Irish language community.

With our high standard of education, however, we have much more to offer in Gael-Choláiste Chill Dara than wonderful results. Our philosophy is to train the students to discover and develop their capabilities and to nurture honest, cultured students so that they will succeed in today's world. Having said this it is wonderful to receive such recognition.

We rely on each other in Gael-Choláiste Chill Dara. It is thanks to the parents who support their children and us, and who believe in all Irish education that our school succeeds. It is thanks to the students who cooperate with us, who listen closely to us and who take part in every aspect of school life that the school operates from day to day. And it is thanks to all the staff who always work so hard to give the best education to every single student in the school, who give the students the opportunity to take possession and ownership of their education and who encourage the students to question, to answer questions and to question answers.

It was a great honour to achieve this distinction on Tuesday.

Is mise le meas

Amanda Ní Dhuibhir
Príomhoide